Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**15263/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0328 (COD)**

**ECO 73**
**AGRILEG 236**
**SAN 451**
**CODEC 1974**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Samhain 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 735 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 735 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2017) 735 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2017
COM(2017) 735 final

2017/0328 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach le Rialachán (CEE) Uimh. 2309/93, agus cuireadh Rialachán (CE) Uimh. 726/2004[1] ina ionad sin. I gcomhréir le hAirteagal 1 den Chinneadh dar dáta an 29 Deireadh Fómhair 1993 a rinne ionadaithe rialtais na mBallstát de thoil a chéile, ar theacht le chéile dóibh ar leibhéal na gCeann Stáit agus Rialtais, maidir le suíomhanna comhlachtaí agus ranna áirithe de chuid na gComhphobal Eorpach agus Europol[2], tá suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí i Londain, an Ríocht Aontaithe.

An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ar intinn aici an tAontas a fhágáil, de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

An 20 Samhain 2017, roghnaigh na 27 mBallstát atá fágtha, tráth na Comhairle Gnóthaí Ginearálta (Airt. 50), Amstardam na hÍsiltíre mar shuíomh nua na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Ós rud é go bhfuil an gníomh atá le leasú bunaithe ar Airteagal 114 agus Airteagal 168(4)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), is orthu sin is ceart an gníomh leasaitheach a bhunú freisin.

- **An rogha ionstraime**

Tá sé d'aidhm ag an togra Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a leasú. Dá bhrí sin, is mar Rialachán leasaitheach atá an leasú ábhartha á mholadh.

- **Coimhdeacht agus Comhréireacht**

Is faoi inniúlacht eisiach an Aontais atá suíomh na Gníomhaireachta. Tá an beart comhréireach le cuspóir an Rialacháin atá beartaithe, mar atá suíomh nua na Gníomhaireachta a dheimhniú laistigh de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh impleachtaí buiséadacha ag baint le hathshuíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí, go háirithe de thoradh na gcostas a bhaineann le deireadh a chur roimh am leis an gconradh cíosa atá aici faoi láthair i Londain de dheasca na tarraingthe siar, de thoradh na gcostas a bhaineann leis an aistriú féin agus de thoradh na gcostas a bhaineann leis an lonnú san áitreamh nua in Amstardam. Mar atá leagtha amach sna treoracha caibidlíochta de chuid na Comhairle dar dáta an 22 Bealtaine 2017 chun caibidlíocht a dhéanamh i leith comhaontú leis an Ríocht Aontaithe ina leagfar amach na socruithe i dtaca lena tarraingt siar ón Aontas Eorpach, ba cheart don Ríocht Aontaithe na costais shonracha a bhaineann le próiseas na

[1] Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

[2] IO C 323, 30.11.1993, lch. 1.

tarraingthe siar a chumhdach ina n-iomláine, amhail athshuíomh na ngníomhaireachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe.

D'fhéadfadh sé gur ghá roinnt de na costais athshuímh a réamh-mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, roimh an socrú airgeadais. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na riachtanais cistiúcháin bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar gá iad a chumhdach le buiséad an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. De réir mar is gá, tíolacfaidh an Coimisiún tograí ábhartha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil le haghaidh 2019, agus, más gá, 2018. Mar shampla, is leis an méid sin a bhaineann costais an aistrithe féin. Ina theannta sin, déanfar na costais a bhaineann leis an lonnú san áitreamh nua a thíolacadh i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le tógáil a leagtar amach in Airteagal 203 den Rialachán Airgeadais[3], a mbeidh formheas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag teastáil roimh ré ina leith sula bhféadfar conarthaí a bhaineann le tionscadail tógála a thabhairt i gcrích. Meastar go seolfar an nós imeachta sin a luaithe is féidir (go luath in 2018 ar a dhéanaí).

.

[3] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

2017/0328 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 168(4)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhthéacs an fhógra a thug an Ríocht Aontaithe an 29 Márta 2017 go bhfuil sé ar intinn aici an tAontas a fhágáil, de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, roghnaigh na 27 mBallstát eile, ar theacht le chéile dóibh tráth na Comhairle Gnóthaí Ginearálta ('Airteagal 50'), Amstardam na hÍsiltíre, mar shuíomh nua na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí.

(2) Ag féachaint d'Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ba cheart don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach a suíomh nua a ghlacadh amhail ón dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe nó ón 30 Márta 2019, cibé acu is túisce.

(3) Chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí ina suíomh nua a áirithiú, ba cheart comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích sula nglacfaidh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach a suíomh nua.

(4) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne ionas go mbeadh a dóthain ama ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach athshuíomh a dhéanamh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a leasú dá réir sin,

---

[4] IO C , , lch. .

[5] IO C , , lch. .

[6] Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an tAirteagal 71a seo a leanas isteach i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004:

"*Airteagal 71a*

*Beidh suíomh na Gníomhaireachta in Amstardam na hÍsiltíre.*"

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe nó ón 30 Márta 2019, cibé acu is túisce.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).